

Caibidil 3

Gníomhaíochtaí
Forálacha agus
Forfheidhmiú

Struchtúr na Caibidle seo

Tá an Chaibidil seo struchtúrtha ar bhealach ina ndéantar, in sna trí Chuid a leanas, ionchuir, tréchuir agus aschuir na hOifige a mhionsonrú.

Cuid A: Ionchuir

IONCHUIR SHEACHTRACHA

Cuirtear gníomhaíochtaí na hOifige maidir le haghaidh a thabhairt ar iompraíocht mhídhleathach agus neamhfheargach chun cinn go méid substaintiúil, go díreach agus go hindíreach, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Is é sin feidhm toisc:

- go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe reachtúla don Oifig ag líon páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúcháirí, scrúdaitheoirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a dhéanann soláthar d'atreorú faisnéise, atá rúnda seachas sin, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin sa chás go meastar go bhfuil faisnéis den sórt sin ábhartha d'fheidhmeanna na n-eintiteas eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal gach bliain.

Sa chomhthéacs sin, is iad seo a leanas na príomh-ionchuir a fuarthas ó fhoinsí seachtracha le linn na bliana:

Tábla 5 Ionchuir ó fhoinsí seachtracha

	2018	%	2017	%
Tuairiscí reachtúla				
Tuairiscí (tosaigh) ó leachtaitheoirí (a682)	606		652	
Tuairiscí (iardain) ó leachtaitheoirí (a682)	<u>260</u>		<u>240</u>	
Iomlán tuairiscí ó leachtaitheoirí (a682)	866	67	892	71
Tuairiscí ó leachtaitheoirí ar coiriúileacht féideartha (a723)	1	1	0	0
Tuairiscí indíotáilte ó iniúcháirí (a393)	73	6	82	6
Tuairiscí ó scrúdaitheoirí (a534)	41	3	28	2
Tuairiscí indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla (a931)	0	0	0	0
Tuairiscí neamh-indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla	0	0	4	0
Tarchuir				
Tarchuir ó pháirtithe seachtracha	19	1	21	2
Gearáin				
Gearáin ó bhaill den phobal	247	18	223	18

	2018	%	2017	%
Eile				
Nochtadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ¹⁴	5	1	1	0.5
Iarratais a lorgaíonn athrú ar dheireadh na bliana cuntasáíochta ¹⁵	40	3	11	0.5
Líon iomlán ionchuir ó fhoinsí seachtracha	1,292	100%	1,262	100%

Tá tuilleadh eolais tugtha thíos ar na príomh-ionchuir sheachtracha a bhrúigh ar aghaidh gníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana.

Tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí

Réamhrá - forbhreathnú ar chóras tuairiscithe leachtaitheoirí

Go hachomair, ceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá faoi leachtú dócmhainneach¹⁶ leis an dlí¹⁷ tuairisc a chur ar fáil don Oifig maidir leis na cúinsí lenar theip ar an gcuideachta agus ar iompar duine ar bith a bhí ina stiúrthóir ar an gcuideachta le linn an dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir dul ar aghaidh agus iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar shrianadh¹⁸ gach duine de na stiúrthóirí, mura dtugann an Oifig faoiseamh dóibh ón oibleagáid sin¹⁹.

Is iad seo a leanas aidhmeanna bunúsacha an chórais tuairiscithe reachtúil:

- méid áirithe cosanta a chur ar fáil don phobal trína chinntiú nach mbeidh daoine faoina chinn an Ard-Chúirt nár fheidhmigh siad go hionraic agus/nó go freagrach an tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, maidir leis an tréimhse éigeantach cúig bliana um shrianadh, ábalta gníomhú ach mar stiúrthóirí ar chuideachtaí eile a chomhlíonann íoscheanglais um chaipitliú; agus
- a chinntiú gur féidir le daoine a measadh gur fheidhmigh siad, sa tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, go hionraic agus go freagrach leanúint le bheith páirteach i ngníomhaíocht fiontraíochta trí chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan smachtbhanna nó pionós.

Agus a ról á chomhlíonadh aici maidir leis sin, bíonn an Oifig ag súil le leachtaitheoir an fhaisnéis ar fad atá ábhartha le cinneadh iomchuí a dhéanamh a chur ar fáil di. Spreagann go leanúnach an Oifig leachtaitheoir chun moltaí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh maidir le faoiseamh/gan aon fhaoiseamh faoi threoir thorthaí a n-imscrúduithe.

¹⁴ Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ar an Oifig a fhoilsiú de bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, leagtar amach é níos déanaí sa Chaibidil seo faoin gceannnteideal Aschuir.

¹⁵ Alt 288 (10) (c)

¹⁶ Bíonn cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sí ábalta a fhiacha a íoc nuair atá siad dlite

¹⁷ Alt 682 d'Acht na gCuideachtaí 2014

¹⁸ Sa chás go bhfuil srian ar dhuine aonair faoi alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní fhéadfaidh léi/leis gníomhú ach mar stiúrthóir nó rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an chuideachta lena mbaineann íoscheanglais áirithe um chaipitliú. I gcás cuideachta poiblí teoranta teastaíonn scairchaipiteal glaoite íosta €500,000. I gcás cuideachta ar bith eile, is é €100,000 an figiúr comhfheagrach.

¹⁹ Tá próiseas agus raon feidhme tuairiscithe leachtaitheoirí léirithe sna trí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinneadh D/2002/3 arna fhorlíonadh le Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Faisnéise I/2009/1. Tá na doiciméid sin ar fáil ag www.odce.ie

Breithníonn an Oifig ar fhaoiseamh a thabhairt sa chás go gcuireann leachtaitheoir bonn cirt bunaithe ar fhianaise ar aghaidh le tacú le héileamh gur fheidhmigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachta á ndéanamh aige nó aici. Agus a cinntí á ndéanamh aici, is mian leis an Oifig a chinntiú nach gcaithfidh stiúrthóir dul faoi ualach éisteacht na hArd-Chúirte gan ghá sa chás go bhfuil iompraíocht ionraice agus fheagrach léirithe go soiléir aige nó aici agus gnóthaí an fhiontair ar theip air á ndéanamh aige nó aici. I ngníomh, feidhmíonn an Oifig mar scagaire chun réidh a fháil leis an ngá le breithniú na hArd-Chúirte ar na cásanna sin a ndearraítear fúthu nach dteastaíonn a haird.

Tá sé tábhachtach a shonrú áfach, nach hionann cinntí OSFC maidir le *‘gan aon fhaoiseamh’* nó *‘faoiseamh páirteach’* agus go bhfuarthas mí-ionracas nó neamhfheagracht i dtaca leis na stiúrthóirí lena mbaineann, agus bheadh sé iomchuí tátal nó líomhain dá leithéid a bhaint astu. Is cúrsa don Ard-Chúirt amháin é (i ndiaidh aighneachtaí an leachtaitheora agus an stiúrthóra (na stiúrthóirí) faoi seach a éisteacht) a chinneadh ar cheart nó nár cheart Dearbhú um Shrianadh a dhéanamh maidir le stiúrthóir cuideachta áirithe ar bith.

Gealltanais maidir le Srianadh agus Dícháiliú

Tugadh creat reachtúil isteach leis an Acht²⁰ den chéad uair, faoinar féidir le daoine aonair, a d’fhéadfadh a bheith orthu dul os comhair imeachtaí Cúirte ina áit sin, dul chun na Cúirte a sheachaint trí aontú go deonach le srianadh nó dícháiliú de réir mar is infheidhme (i.e., trí Ghealltanais dlíthiúil chuige sin a chur ar fáil).

Cuirtear rogha ar fáil san Acht do OSFC cibé acu Gealltanais a thairiscint nó gan Gealltanais a thairiscint. Ní mór tairiscint a dhéanamh san bhfoirm fhorordaithe, an leagan amach agus an t-ábhar atá ordaithe leis an Ionstraim Reachtúil (agus “Fógra” tugtha ar dhoiciméad na tairisceana). Ní mór breac-chuntas a leagan amach, *inter alia*, san Fhógra, maidir leis na cúinsí, na fíricí agus na líomhaintí lena mbunaítear na forais le haghaidh srianadh nó dícháiliú mar aon le sonraí faoi na héifeachtaí dlíthiúla a bhaineann le Gealltanais don duine a sholáthraíonn é.

Níl oibleagáid ar bith ar fhaighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh (i.e., an Gealltanais a chur ar fáil). Mar sin féin, sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an bhfaighteoir an tairiscint a ghlacadh, caithfidh siad é sin a dhéanamh laistigh de 21 lá (nó laistigh de cibé tréimhse níos faide a cheadódh OSFC). Le linn na tréimhse tairisceana sin, ní fhéadfaidh OSFC nó duine ar bith eile atá ar an eolas faoi eisiúint an Fhógra imeachtaí a thionscnamh maidir le srianadh agus dícháiliú fhaighteoir an Fhógra de bhun na gcúinsí, na bhfíricí agus na líomhaintí arna leagan amach san Fhógra.

Sa chás go gcinneann faighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh agus Foirm um Ghlacadh Gealltanais sínithe go cuí a chur ar ais, beidh siad faoi réir Dearbhú/Ordú um Shrianadh nó um Dhícháiliú ar an mbonn céanna is dá mba rud é gur fhorchuir an Ard-Chúirt srianadh nó dícháiliú. Dá bhrí sin, beidh sárú ar bith ina dhiaidh sin ar théarmaí an srianta nó an dícháilithe ina chion coiriúil agus beidh sé mar an gcéanna le sárú ar shrianadh nó ar dhícháiliú arna bhforchur ag an gCúirt.

In ainneoin go bhféadfaidh sé gur sholáthair stiúrthóirí cuideachta nó daoine eile Gealltanais go deonach, féadfaidh siad fós, mar sin féin, iarratas a dhéanamh leis an gCúirt - ag am ar bith le linn thréimhse an srianta nó an dícháilithe - ag lorg faoiseamh a fháil, go hiomlán nó i bpáirt, ó théarmaí an srianta nó an dícháilithe, de réir mar is infheidhme. Cé go mbreithneoidh OSFC iarratais ar bith den sórt sin de réir cáis i gcomhthéacs na bhfíricí agus na gcúinsí faoi leith, ag féachaint don ghá seasamh le sláine an phróiseas, rachaidh OSFC, i bhformhór na gcásanna, i gcoinne iarratas dá leithéid.

Agus tagairt á déanamh do dhícháiliú, déantar foráil sa reachtaíocht gurb é cúig bliana an uastréimhse don dícháiliú is féidir le OSFC a thairiscint trí Ghealltanais. Dá bhrí sin, i gcúinsí ina bhfuil sé de thuairim OSFC go bhfuil gá le tréimhse dhícháiliúcháin níos mó ná cúig bliana (cinneadh a dhéantar faoi threoir fhíricí agus chúinsí faoi leith gach cáis agus dlí-eolaíochta ábhartha ar bith), ní dhéanfar tairiscint. Seachas sin, pléifear leis an gcúrsa trí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt.

²⁰ Ailt 854 go 849 d’Acht na gCuideachtaí, 2014

Cinntíonn an creat Gealltanais go ndéileáiltear le stiúrthóirí cuideachta, a ndeimhnítear gur sháraigh siad an tAcht agus a rachfar i mbun imeachtaí srianta nó dícháilithe ina leith, ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach riaracháin gan an gá a bheith leis go mbíonn na Cúirteanna bainteach. I ndiaidh gur chuir an OSFC an próiseas gealltanais i bhfeidhm, ghlac an OSFC le 684²¹ gealltanais le haghaidh srianta agus dícháiliú. Cé go bhfuil ualach riaracháin suntasach breise ar an OSFC a eascraíonn as an bpróiseas seo, tá coigilteas substainteach costais agus ama mar thoradh air don leachtaitheoir agus na stiúrthóirí cuideachta a bhíonn i gceist, anuas ar an gcóras Cúirteanna. Meastar gurb ionann an coigilteas i dtéarmaí airgeadaíochta agus €1 milliún sa bhliain.

Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Faoi mar a fheictear ón Tábla thíos:

- tháinig laghdú ar líon iomlán na leachtuithe dócmhainneacha (i.e. leachtuithe creidiúnaithe agus Cúirte araon) faoi thuairim 21% sa bhliain 2018, agus
- i rith 2018, tháinig méadú 22% ar an leibhéal leachtú sócmhainneach i gcomparáid le 2017 agus b'ionann agus 70% den leachtú go léir iad.

Tábla 6 Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2012 - 2018

	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018
Leachtuithe creidiúnaithe	1,210	1,043	929	746	581	613	475
Leachtuithe Cúirte	107	76	78	70	61	63	59
Iomlán leachtuithe dócmhannacha	1,317	1,119	1,007	816	642	676	534
Leachtuithe Ball	919	848	1,001	1,034	1,112	1,040	1,269
Iomlán leachtuithe sócmhannacha ²²	919	848	1,001	1,034	1,112	1,040	1,269
Leachtuithe iomlán	2,236	1,967	2,008	1,850	1,754	1,716	1,803

Tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí a fuarthas – 2018

Faoi mar a fheictear ó Thábla 5, fuarthas 866 tuarascáil alt 682 leachtaitheoirí san iomlán le linn na bliana (2017: 892), dá raibh:

- 606 díobh ina dtuairiscí tosaigh²³ (2017: 652); agus
- 206 díobh ina dtuairiscí ina dhiaidh sin²⁴ (2017: 240).

²¹ Tá 331 Gealltanais Srianta, 12 Ghealltanais Dícháilithe agus 25 Gealltanais Dícháilithe i gceist leo inar iontráil stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte

²² Cé nach bhfuil ról ar bith ag an Oifig maidir le leachtuithe sócmhainneacha (is é sin leachtuithe ball), áirítear sonraí díobh ar mhaithe comhláine.

²³ Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de 6 mhí dá heapachin/ceapachán. I bhformhór na gcásanna, bíonn an cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt nó gan faoiseamh a thabhairt bunaithe ar an tuarascáil seo.

²⁴ I roinnt cásanna teastaíonn tuarascáil ina dhiaidh sin a fháil ón leachtaitheoir nuair a bhíonn a imscrúduithe/himscrúduithe curtha ar aghaidh níos faide. Sa chás go gceaptar go bhfuil gá le tuarascáil ina dhiaidh sin, tugtar faoiseamh an tráth seo maidir leis an tuarascáil tosaigh de ghnáth.

Cuirtear sonraí ar fáil sa Tábla thíos maidir le leithdháileadh eárnála na gcuideachtaí i dtaca le tuairiscí tosaigh na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana.

Tábla 7 Anailís eárnalach ar thuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí a fuarthas - 2018

Earnáil	2018		2017	
	Líon	%	Líon	%
Mórdhíol & miondíol	202	33	200	31
Foirgníocht	73	12	73	11
Gnóthas pobail, sóisialta & eile	47	8	61	9
Déantúsaíocht & priontáil	33	6	34	5
Óstáin, barrana & lónadóireacht	75	12	100	15
Margaíodh & bolscaireacht	10	2	15	2
Éastát réadach & ligean ar cíós	49	8	50	8
Teicnolóíocht & teileachumarsáid	37	6	40	6
Airgeadais & léasú	40	7	40	6
Iompar & dailiúcháin	18	3	16	2
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	7	1	18	3
Earcaíocht & seirbhísí slándála	15	2	5	1
Iomlán	606	100%	652	100%

Tráthúlacht thuairisciú na leachtaitheoirí

Thar an mbliain, d'eisigh an Oifig 15 (2017:43) fógra chuig leachtaitheoirí inar tugadh comhairle dóibh go raibh siad i mainneachtain a n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla. Rinneadh beagnach gach ceann acu na mainneachtana a cheartú go pras mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin agus, mar thoradh air sin, bhí 94% de na tuairiscí a bhí dlite le linn na bliana faighte faoi dheireadh na bliana agus ní raibh ach 40 chéad tuairisc amuigh. Is íseal an leibhéal loiceadh leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin chuí, suas go dtí cúiseamh coiriúil agus é sin san áireamh, a bheith mar thoradh ar sháruithe leanúnacha mar sin ar oibleagáidí reachtúla.

Caighdeán um thuairisciú na leachtaitheoirí

Mar a tuairiscíodh sna blianta roimhe, measadh go raibh caighdeán thuairiscí na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana an-sásúil ar fad. Mar sin féin, ní raibh cáilíocht an tuairiscithe i gcásanna áirithe den chaighdeán a theastaigh. Sa chás go dtagann sé seo, déileálfaí leo thrí rannpháirtíocht leis na cleachtóirí ábhartha. Bheadh formhór na leachtaitheoirí sin ina mball gComhlacht Cuntasóireachta Forordaithe agus, mar sin, faoi shainchúram maoirseachta an ÚMICÉ (féach tuilleadh léiriú thíos).

Cáilíocht le haghaidh ceapadh mar leachtaitheoir nó scrúdaitheoir

Tá alt 633 den Acht, lenar tugadh isteach rialacha úra le haghaidh cáilíocht le ghníomhú mar leachtaitheoir ábhartha i gcomhthéacs an mhéid thuas chomh maith. Sainítear san Acht cúig chatagóir daoine aonair atá i dteideal gníomhú mar leachtaitheoir. Is iad sin:

- comhaltaí Comhlacht Cuntasóireachta Forordaithe a bhfuil deimhniú cleachtais aige nó aici;
- aturnaetha a bhfuil deimhniú cleachtais acu;
- comhaltaí comhlachtaí gairmiúla ar bith eile atá aitheanta chun na críche sin ag an ÚMICÉ (ceann ar bith faoi láthair);

- iv. daoine atá cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir i stát LEE²⁵ eile; agus
- v. daoine a bhfuil taithí phraiticiúil acu ar fhoirceannadh agus eolas acu ar an dlí ábhartha roimh thosach feidhme an Achta atá údaraithe ag an ÚMICÉ. Roimh údarú den chineál sin a thabhairt, caithfidh an ÚMICÉ a bheith sásta, agus iad téite i gcomhairle le OSFC, gur duine oiriúnach agus cuí é an duine le gníomhú mar leachtaitheoir.

Féadfaidh duine a rinne iarratas leis an ÚMICÉ ar údarú faoi (v) thuas leanúint ag gníomhú ag feitheamh chinneadh a n-iarratais.

Amhail an 31 Nollaig 2018, lorg ÚMICÉ dearchtaí an Stiúrthóra go foirmiúil maidir le 25 duine aonair a rinne iarratas ar údarú faoin bhforáil seo. Ag an am céanna, d'údaraigh an ÚMICÉ 21 iarratas, ar an iomlán, de na hiarratais siúd.

Chomh maith leis na ceanglais um cháilíocht atá forordaithe in alt 633, déantar foráil in alt 634 go gcaithfidh gach leachtaitheoir árachas slánaíochta gairmiúla ("ÁSG") imleor a bheith i bhfeidhm acu. D'eisigh an ÚMICÉ Rialacháin ina bhforordaítear an leibhéal riachtanach ÁSG a theastaíonn. Tá na Rialacháin sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚMICÉ ²⁶.

Déantar foráil i bhforáil ghaolmhar, alt 519 den Acht, nach féidir le duine gníomhú mar scrúdaitheoir ach amháin má tá siad cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir.

Dáileadh earnála ionchur seachtrach eile (i.e. ionchuir sheachtracha seachas tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí)

Mar a fheictear ó Tábla 5, i gcomhiomlán ba ionann na hionchuir sheachtracha sin seachas tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí agus os cionn 33% (2017: 29%) de na hionchuir sheachtracha a fuarthas le linn na bliana. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar dháileadh earnála na n-ionchur seachtrach eile sin.

Tábla 8 Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí

Earnáil	2018		2017	
	Líon	%	Líon	%
Éastát réadach & ligean ar cíós	70	17	91	25
Nach cuideachta ann	50	12	30	8
Airgeadais & léasú	47	11	31	9
Mórdhíol & miondíol	30	7	34	9
Foirgníocht	27	6	19	5
Margaíodh & bolscaireacht	5	1	10	3
Teicnolóíocht & Teileachumarsáid	38	9	25	7
Déantúsaíocht & priontáil	28	7	20	5
Gnóthas pobail, sóisialta & pearsanta	40	9	26	7
Árachas sláinte & obair shóisialta	39	9	25	6
Óstáin, barrana & lónadóireacht	21	5	13	4
Iompar & dailiúcháin	14	3	26	7
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	9	2	12	3
Earcaíocht & seirbhísí slándála	2	1	8	2
Earnáil ghnó eile	5	1	0	0
Iomlán	425	100%	370	100%

²⁵ An Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (Stáit an AE móide Lichtinstéin, an Íoslainn agus an Iorua)

²⁶ <http://iaasa.ie/getmedia/1a9c9ab1-994e-4491-8f6c-6d8a40d27f64/S-I-No-127-of-2016.pdf>

Gearáin

Faigheann an Oifig líonta suntasacha gearán ó bhaill den phobal gach bliain. Le linn na bliana fuarthas 247 gearán ar an iomlán (2017: 223), arbh ionann é sin agus 19% (2017: 18%) de na hionchuir sheachtracha ar fad a fuarthas. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar ábhar na ngearán a fuarthas.

Tábla 9 Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)

	2018		2017	
	Líon	%	Líon	%
Bainteach le Cruinnithe Cinn Bhliana Ginearálta/Urghnácha	21	9	28	13
Iompar stiúrthóra (dualgais & chomhdú)	29	12	29	13
Líomhaintí maidir le trádáil mheargánta/calaoiseach/dócmhainneach	34	14	35	16
Líomhaintí brionnú/faisnéis/doiciméidí bhréige a thabhairt	17	7	12	5
Bainteach le fiachas gan íoc	10	4	13	6
Rochtain ar thaifid chuntasaíochta / miontuairiscí cruinnithe	9	4	13	6
Bainteach le clár na gcomhaltaí	19	7	10	4
Bainteach le iniúchadh/iniúcháir	12	5	16	7
Bainteach le glacadóireacht	5	2	2	1
Saincheisteanna bainteach le seoladh	23	9	17	8
Saincheisteanna ginearálta cearta scairshealbhóirí	8	3	5	2
Ag gníomhú mar stiúrthóir le linn bheith féimheach/srianta/dícháilithe	5	2		
Cuideachtaí ag trádáil agus iad bainte den Chlár/díscaoilte	10	4	9	4
Bainteach le úsáid míchuí den focail "Teoranta"	2	1	3	1
Leachtú/gníomhaíocht athbheochana	10	4	11	5
Eile	33	13	20	9
Iomlán	247	100%	223	100%

Tuairiscí cionta indíotáilte iniúcháirí

Réamhrá - forbheathnú ar chóras tuairiscithe iniúcháirí

Déantar foráil in alt 393(1) den Acht, sa chás, agus iniúchadh á dhéanamh acu agus de bhun iniúchadh a bheith á dhéanamh acu, go bhfaigheann iniúcháirí cuideachta faisnéis óna dtagann siad ar an tuairim go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go ndearna an chuideachta, nó oifigeach nó gníomhaí de chuid na cuideachta, cion indíotáilte faoin Acht, go bhfuil ceangal ar na hiniúcháirí an tuairim sin a thuairisciú don OSFC.

Cineál na gcionta amhrasta a tuairiscíodh

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuarthas 73 (2017: 82) tuairisc um chionta indíotáilte ar an iomlán ó iniúcháirí. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar chineál na gcionta amhrasta a cuireadh in iúl sna tuairiscí sin. Ba cheart a shonrú nach dtagann líon na dtuairiscí a fuarthas le líon na gcionta amhrasta a tuairiscíodh toisc go raibh tagairt déanta do níos mó ná cion amhrasta amháin sna tuairiscí i roinnt cásanna.

Tábla 10 Anailís ar chionta indíotáilte a rabhtas in amhras orthu a thuairiscigh iniúcháirí

	2018		2017	
	Líon	%	Líon	%
Sárú iasachta stiúrthóirí	21	29	37	45
Mainneachtain leabhair chuí chuntas a choinneáil	13	18	15	18
Ráitis bhréigeach d'iniúcháirí	1	1	1	1
Saincheisteanna bainteach le rochtain ar thaifid chuntasaíochta	1	1	1	1
Saincheisteanna bainteach le ceadú na stiúrthóirí na ráitis airgeadais	2	3	2	2
Oibleagáid Ráitis Airgeadais Ghrúpa a ullmhú	1	1	2	2
Ráitis airgeadais d'eintitis	34	47	25	31
Iomlán	73	100%	83	100%

Tuairiscí na Scrúdaitheoirí

De bhun alt 534(6) den Acht, sa chás go gceaptar scrúdaitheoir ar chuideachta, soláthróidh sé/sí, a luaithe is féidir i ndiaidh é a ullmhú, cóip dá thuairisc nó dá tuairisc don OSFC. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, fuarthas 41 tuairisc den sort sin (2017: 28).

Tarchuir

Faoi mar a luadh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne lena gceadaítear malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaintí agus teorainneacha cuí eile. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig seo atreoruithe ó chomhlachtaí reachtúla agus ó eintitis eile ó am go chéile. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 19 (2017: 21) tarchuir dá leithéid ó roinnt foinsí.

Tuairiscí um chionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla

Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (“CCAanna”) ²⁷

Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag Coiste nó Binse Araíonachta CCA a chreidiúint go bhféadfadh sé go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag duine nuair a bhí an duine sin ina chomhalta de CCA, ceanglaítear ar CCA an cheist a thuairisciú don Oifig²⁸.

²⁷ Is éard is CCA ann comhlacht cuntasaíochta a bhfuil cead aige údarú a thabhairt dá chomhaltaí agus dá bhallghnólachtaí, ar an gcoinníoll gur shásaigh na comhaltaí sin critéir áirithe, chun gníomhú mar iniúcháirí reachtúla agus gnóilachtaí iniúcháireachta faoi seach. Tá cúig CCA ann, i.e., an:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC)
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDP)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (ICAEW)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCE)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain (ICAS)

²⁸ Alt 931(4) den Acht

Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla (“CFGanna”)

Sa chás go bhfaigheann Coiste nó Binse Araíonachta CFG nár choinnigh comhalta a bhfuil scrúdaitheoireacht nó glacadóireacht ar bun aige nó aici taifid chuí, nó má tá forais réasúnta acu a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag an gcomhalta le linn crúdaitheoireachta nó glacadóireachta, ceanglaítear ar an CFG lena mbaineann an cheist a thuairisciú don Oifig.

Meastar na comhlachtaí cuntasáochta forordaithe bheith mar sin de bhuan aitheantas an ÚMICÉ dóibh mar sin de réir chuid 15 den Acht.

Tagraíonn “Comhlacht forordaithe gairmiúil” i dtaca le hait 448, 558 agus 688 do Choiste Araíonachta nó do Bhinse le Comhlacht gairmiúil forordaithe.

Is iad seo a leanas na comhlachtanna úd:

- CCCD - Comhlachas na gCuntasóirí Cairte Deimhniú
- CCI - Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta
- ICCB - Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta
- ICAPC - Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasáochta
- ICCSBB - Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana & sa Bhreatain Bheag
- ICCÉ - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- ICCA - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain
- ICDPÉ - Institiúid na gCuntasóirí Deimhniú Poiblí in Éirinn
- Dlí-Chumann na hÉireann

Tháinig Rialacháin I.R. Uimh. 570 de 2018 Acht na gCuideachtaí (Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla) 2018 i bhfeidhm an 19 Nollaig 2018 de bhun Ailt 448 agus 558 d’Acht na gCuideachtaí, 2014. Cumhdaíonn na rialacháin oibleagáidí tuairiscithe comhlachtaí gairmiúla nuair a bhraitheann a mbaill mí-iompar fad a ghníomhaíonn siad mar Ghlacadóirí nó Scrúdaitheoirí. Ní bhfuarthas aon tuairiscí den chineál seo ó CFGanna i rith na bliana (2017: 0).

Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht fhéideartha

Chomh maith lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 682 mar atá sonraithe thuas, de réir alt 723(5) den Acht, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, i gcúinsí ina ndealraítear go raibh iar-oifigeach nó oifigeach reatha ar bith de chuid na cuideachta lena mbaineann cionta as cion i dtaca leis an gcuideachta, tuairisc a thabhairt don SIP agus an cheist a chur ar aghaidh chuig OSFC chomh maith. Baineann an oibleagáid tuairiscithe seo le gach leachtú, sócmhainneach agus dócmhainneach araon, (i.e. leachtú na gComhaltaí agus leachtú na gCreidiúnaithe Deonach agus leachtú Cúirte araon) mar an gcéanna. Le linn na bliana, níor fuarthas tuairiscí den sórt sin (2017: 0).

Nochtuithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014²⁹

In Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuarascáil é a bhaineann leis an mblain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuarascáil thuasluaite:

- i. líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;
- ii. an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus
- iii. aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh a iarrfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe ó am go ham.

Leagtar amach tuarascáil na hOifige faoi Alt 22 in Aguisín 3 a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

²⁹ Tá an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar fáil ag <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/14/enacted/en/pdf>

IONCHUIR INMHEÁNACHA

Réamhrá

Mar a fheicfear ón gcuid thuas den Chaibidil seo, tá an méid ionchur seachtrach a fuarthas den leithéid go osclaítear an chuid is mó comhaid chásanna mar fhreagra ar a dtugtar “ionchuir sheachtracha”, m.sh., tuairiscí iniúchóra, tuairiscí leachtaitheora agus gearáin ón phobail. Mar aon leis na hionchuir sheachtracha sin, gineann an Oifig ar a dtugtar “ionchuir inmheánacha” chomh maith trí chur chuige réamhghníomhach maidir le forfheidhmiú an Acha.

Bíonn éagsúlachtaí ann maidir le cineál agus comhdhéanamh ionchur inmheánach ó bhliain go bliain ag féachaint do roinnt breithnithe ábhartha, lena n-áirítear:

- cuspóirí comhlóna agus/nó forfheidhmithe ar leith na hOifige sa bhliain áirithe sin nó thar timthriall ar leith;
- saincheisteanna téamacha agus/nó saincheisteanna aonuaire arna n-eascairt;
- acmhainní foirne atá ar fáil agus na tacaí shainscileanna lena mbaineann; agus
- fíricí agus cúinsí ábhartha eile.

Dá bhrí sin, is féidir raon ionchur inmheánach a bheith ann, trasna ceannteidil fhorfheidhmithe éagsúla. Áirítear ar shamplaí léiritheacha:

- gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine, m.sh., daoine ar féimheacha neamhscaoilte, srianta nó dícháilithe iad;
- fiosrúcháin shibhialta nó fiosrúcháin coiriúla arna dtosú as a stuaim féin;
- gníomhaíochtaí i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha díscailte; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú/iompar leachtaitheora.

Gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, tionscnaíodh fiosrúcháin i roinnt cásanna inar tháinig amhras chun cinn go raibh daoine arbh féimheacha neamhscaoilte, dícháilithe nó srianta iad ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí nó i ról shonracha eile (amhail mar iniúchóirí) ce nach raibh cead acu sin a dhéanamh (nó, i gcás daoine srianta, ach amháin faoi réir coinníollachta áirithe).

Imscrúduithe a tionscnaíodh ar a conlán féin

Faoi mar a léiríodh thuas, tionscnaíonn an Oifig fiosrúcháin agus imscrúduithe ar a conlán féin sa chás go meastar go bhfuil gá leis sin nó go bhfuil sé riachtanach ag féachaint do na fíricí agus na cúinsí bunaidh. D’fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith ina spreagthaigh do ghníomhaíochtaí dá leithéid:

- ceisteanna a aithnítear go himmheánach;
- ceisteanna a atreoraítear go himmheánach;
- ceisteanna a aithnítear de bhun athbhreithniú ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC nó doiciméid ábhartha eile;
- ceisteanna a aithnítear trí mhonatóireacht ar dhlíthíocht;
- ceisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairiscí na bpáipéar, an idirlíon, na meáin shóisialta etc.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunaidh, d'fhéadfaí fiosrúcháin agus imscrúduithe na hOifige a chur ar aghaidh tuilleadh trí úsáid a bhaint as:

- cumhachtaí imscrúdaithe sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí imscrúdaithe coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe sna Gardaí atá tugtha ar iasacht don Oifig trí bhua na n-oifigeach sin a bheith ina mbaill den Gharda Síochána.

Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte

Tugann an Oifig “cuideachtaí dócmhainneacha díscailte” ar na cuideachtaí seo a leanas:

- cuideachtaí a baineadh den Chlár toisc gur theip orthu a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú; agus
- a raibh dliteanais acu an dáta ar baineadh den chlár iad, cibé acu dliteanais iarbhír, theagmhasacha nó ionchasacha.

Is faoin Oifig atá sé iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar dhícháiliú stiúrthóirí cuideachta dá leithéid a baineadh den Chlár³⁰. Mar sin féin, foráiltear sa dlí chomh maith³¹ nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú a léiríonn don Chúirt nach raibh dliteanais ar bith ag an gcuideachta nuair a baineadh den Chlár í nó gur urscaoileadh na dliteanais sin sular tionscnaíodh an t-iarratas ar dhícháiliú. Agus an smachtbhanna atá le forchur á bhreithniú, féadfaidh an Chúirt ina áit sin srian³² a chur ar an stiúrthóir (na stiúrthóirí) sa chás go mbreithníonn sí nach bhfuil gá le dícháiliú faoi na cúinsí faoi leith³³.

Sa chás go bhfuil fianaise ann go raibh cuideachta dócmhainneach ar an dáta ar baineadh den Chlár í, is é beartas an Oifig breathnú ar fhéachaint le stiúrthóirí na cuideachta a dhícháiliú. Is é an fáth leis sin, trí chead a thabhairt chun an chuideachta a bhaint den Chlár, seachnaíonn na stiúrthóirí an chuideachta a thabhairt chun críche ar an dóigh cheart, i.e., trí leachtaitheoir a cheapadh. Mura gceaptar leachtaitheoir, seachnaíonn stiúrthóirí na cuideachta mionscrúdú ar a n-iompraíocht arna sholáthar le halt 682 den Acht.

Sa chás go measann an Oifig go bhfuil stiúrthóir faoi dhliteanais dícháilithe sna cúinsí sin, féadfaidh sí deis a thairiscint don duine aonair lena mbaineann le Gealltanas um Dhícháiliú a chur isteach ar bhonn deonach. I gcomhthéacs an mhéid thuas, rud fiúntacha eile ná, sa chás go mbaintear cuideachta den Chlár, déantar na sócmhainní atá fágtha aici a dhílsiú san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta Maoine Stáit 1954.

I rith 2018, scrúdaigh an Oifig gníomhartha stiúrthóirí 18 gcuideachta a baineadh den Chlár fad a raibh dliteanais nach beag fós le híoc acu.

Mar thoradh ar an scrúdú a rinneadh ar na 18 gcuideachta a baineadh den chlár (scrúdú breise ar 77 cuideachta ghaolmhar ina measc):

- ghéill 21 stiúrthóir ar 11 chuideachta do Ghealltanais Dícháilithe faoi alt 851 den Acht;
- táthar ag dul i mbun beart i gcás 3 chuideachta chun athchóiriú don Chlár agus chun an fiachas ábhartha nár íocadh go fóill a ghlanadh.

Tá súil leis, i rith 2019, go ndéanfar líon comhionann de stiúrthóirí a dhícháiliú sna saghsanna seo de chásanna cé acu trí iarratais ar an Ard-Chúirt faoi alt 842(h) nó trí thoiliú go saorálach do Ghealltanais Dícháilithe faoi alt 851 den Acht. Féach Aguisín 5 chun teacht ar shonraí faoi na stiúrthóirí a rinneadh a dhícháiliú.

³⁰ Alt 842(h) d'Acht na gCuideachtaí 2014

³¹ Alt 843(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

³² Alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014

³³ Alt 845(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

Gníomhartha a bhaineann le feidhmíochta/iompar leachtaitheora

Is ceann de príomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra ná:

“...ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo”³⁴.

Cé go dtugtar modh don Oifig le próiseas alt 682, faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, maoirseacht neamhdhíreach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d’obair na leachtaitheoirí, ó am go chéile breathnaíonn an Oifig go bhfuil sé cuí nó riachtanach a bheith páirteach i maoirseacht níos díri ar obair na leachtaitheoirí. Tugtar éifeacht don mhaoirseacht níos díri seo trí na cumhachtaí a thugtar le hAlt 653 den Acht a fheidhmiú³⁵.

Déantar foráil in alt 653 den Acht gur féidir leis an Stiúrthóir an méid seo a leanas a dhéanamh:

- táirgeadh leabhair leachtaitheora a iarraidh, dá chonlán féin nó de bhun gearáin ó chomhalta, ranníocóir nó creidiúnaí cuideachta, chun iad a scrúdú - maidir le próiseas leachtaithe faoi leith, nó maidir le gach leachtú a rinne an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar cheisteanna ar bith a bhaineann le hábhar leabhar dá leithéid a iarraidh, chomh maith leis a mhéid cuidithe is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt go réasúnta maidir leis an gceist.

Tá cosaintí agus teorainneacha áirithe ag gabháil leis na cumhachtaí a tugadh don Stiúrthóir le halt 653, i.e.:

- ní mór don Oifig an chúis (na cúiseanna) lena bhfuil an t-iaratas á dhéanamh a chur in iúl don leachtaitheoir freagróra; agus
- ní fhéadfar iaratas a dhéanamh i dtaca le leabhair a bhaineann le leachtú a tugadh chun críche níos mó ná sé bliana roimh an iaratas.

Candam na n-ionchur inmheánach - 2018

Le linn 2018, gineadh 79³⁶ (2017: 97) ionchur inmheánach ar an iomlán.

³⁴ Alt 949(1)(e) d’Acht na gCuideachtaí 2014

³⁵ Áirítear ar alt 446 den Acht foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí

³⁶ Bainteach leis na catagóirí leathana um cheisteanna féimheachta, dícháiliúcháin, srianadh agus scrúdaitheoireacht.

CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, osclaítear comhad cáis mar thoradh ar ionchuir, bídis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha. I gcás tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí, tagann cásanna ar chonclúid nádúrtha go ginearálta sa chás go ndearnadh cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir nó gan faoiseamh a thabhairt dó nó dí ón oibleagáid srianadh/dícháiliúhcáin stiúrthóirí na cuideachta a fháil, agus sa chás go dtugtar faoiseamh, dúntar an comhad de ghnáth.

Sa chás nach dtugtar faoiseamh, nó nach dtugtar ach faoiseamh páirteach (i.e., go dtugtar é maidir le cuid de na stiúrthóirí, ach ní iad ar fad), tabharfaidh an Oifig cuireadh de ghnáth don stiúrthóir (na stiúrthóirí) ábhartha chun Gealltanais um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a sholáthar. Mura ghlactar tairiscint um Ghealltanais (nó mura bhfuil tairiscint um Ghealltanais oiriúnach, i measúnú na hOifige), beidh ar an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt. Déanann an Oifig monatóireacht ar an dul chun cinn trí na Cúirteanna ar na himeachtaí ábhartha um shrianadh nó um dhícháiliú agus déantar an toradh a thaifeadadh a luaithe is a chinntear na himeachtaí. Déanann an Oifig athbhreithniú chomh maith, áfach, ó am go chéile nuair a thugann sí buarthaí faoi deara maidir le, mar shampla:

- moltaí inchreidte maidir le táillí iomarcacha leachtaitheoirí;
- mainneachtain fhollasach maidir le sócmhainní a dháileadh ar bhonn tráthúil; agus
- mainneachtain fhollasach maidir le leachtú a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnta.

I gcás ionchur eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúcháirí, gearáin ón phobail, nochtadh cosanta, atreoruithe etc., osclaítear comhad agus déantar mionscrúdú ar an ábhar lena chinneadh, ar an gcéad dul síos, an cheist í a thagann faoi shainchúram na hOifige nó nach ea. Ó sin amach, déantar dul chun cinn ar chásanna ar an mbonn a mheastar a bheith is oiriúnaí dá gcúinsí aonair, le modhanna dul chun cinn lena n-áirítear, mar shampla:

- buaileadh leis an ngearánaí, ag féachaint de ghnáth le tuiscint níos fearr a fháil ar na ceistanna a bhfuil gearán á ndéanamh fúthu;
- buaileadh leis na stiúrthóirí (mar shampla, i gcás a bhaineann le hiasachtaí na stiúrthóirí);
- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú, amhail, mar shampla, éilimh a eisiúint chuig:
 - o cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh miontuairiscí cruinnithe agus cláir reachtúla a tháirgeadh;
 - o cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh leabhair agus doiciméidí na cuideachta a tháirgeadh;
 - o leachtaitheoirí le haghaidh a leabhair agus a ndoiciméidí a tháirgeadh, i.e. leabhair agus doiciméidí an leachtaitheóra féin seachas iad na gcuideachta á leachtú (a d'fhéadfadh, go comhthreomhar, a lorg);
 - o iniúcháirí ag éileamh soláthar faisnéis fhorlíontach maidir le tuairisc chion indiotáilte a fuarthas;
 - o daoine a ghníomhaíonn, nó a airbheartaíonn go bhfuil siad ag gníomhú, mar iniúcháirí maidir le táirgeadh fianaise ar a gcáilíochtaí;
 - o féimhigh a ghníomhaíonn mar stiúrthóirí agus rúnaithe gcuideachtaí, ag lorg ráiteas faoi mhionn maidir le stádas dócmhainneachta; agus
 - o leachtaitheoirí a gceanglaítear orthu go gcomhdaíonn siad tuairiscí alt 682 amuigh;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a dhéanamh, cumhachtaí gabhála agus coinneála a fheidhmiú etc.;
- idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith ábalta cuidiú leis an Oifig ina gcuid fiosrúchán, mar shampla trí fhaisnéis ábhartha a chomhroinnt.

Nuair a chríochnaítear fiosrúcháin na hOifige, déantar cinneadh maidir leis an ngníomhaíocht is fearr a dhéanfar. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith san áireamh leis sin:

- an cinneadh gan gníomhaíocht ar bith eile a dhéanamh (mar shampla, sa chás go dtugtar le fios trí fhiosrúcháin nár sáraíodh an dlí cuideachtaí nó sa chás nach bhfuil i gceist ach mionsárú agus go mbeadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, dár réir sin, neamh-chomhréireach);
- cinneadh gan gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh an t-am seo ach, seachas sin, rabhadh a eisiúint ina sonraítear má tharlaíonn sé arís go dtapófar gníomhaíocht forfheidhmiúcháin (mar shampla, sa chás gur ceartaíodh agus/nó gur feabhsaíodh an sárú chun sástacht OSFC);
- cúrsaí a bhaineann le sainchúraim faoi seach údarás reachtúil nó comhlachtaí gairmiúla a atreorú chucu;
- eisiúint ordacháin sibhialta, m.sh., treoracha do chuideachtaí agus/nó a gcuid stiúrthóirí á cheangal ar leigheas mainneachtainí luaite laistigh de fhrámaí ama a fhorordaít;
- tionscnamh imeachtaí sibhialta, i.e. iarratais Cúirte d'fhonn na leigheasanna sonraithe;
- tionscnamh imeachtaí coiriúla achoimre nó tharchuir chuig an SIP lena mbreithniú maidir lenar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil.

Tá sonraí leagtha amach sna Táblaí seo a leanas maidir le líonta na gcásanna a chuir an Oifig chun cinn le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Tá sonraí maidir leis an hionchuir a shreabhann ó phróiseáil líonta na gcásanna éagsúla mionsonraithe sa chéad roinn eile den Chaibidil seo.

Tábla 11 Tréachur thuairiscí 682 na leachtaitheoirí - 2018

Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 1 Eanáir, 2018		457
Gach tuairisc nua a fuarthas i 2018	866	
Lúide: Tuairiscí ar a rinneadh cinntí i 2018	971	
Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 31 Nollaig		352

Tábla 12 Tréachur cásanna eile - 2018

Cásanna eile idir lámha ar 1 Eanáir, 2018		89
Cásanna nua a osclaíodh i 2018	504	
Lúide: Cásanna a críochnaíodh i 2018	439	
Cásanna eile idir lámha ar 31 Nollaig, 2018		154

CUID C: ASCHUIR

Beartha agus Aschur Forfheidhmithe 2018 a Bhaineann le Dócmhainneacht a Eascraíonn as Tuairiscí Leachtaitheora Alt 682 agus as Scrúdú a Dhéanamh ar Chuideachtaí Dócmhainneacha Díscailte

Príomh-Aschur agus Staitisticí

Aschuir ó phróiseas alt 682 (i.e., tuairisciú leachtaitheora)

Rinne an Oifig cinntí cinntitheacha (i.e. cinntí seachas 'Faoiseamh ag an am seo' a thabhairt) maidir le 600 tuairisc leachtaitheoirí le linn 2018 (2017: 600), agus rinneadh 270 cinneadh eile chun 'Faoiseamh ag an am seo' a thabhairt (2017: 265).

As na 701 cinntí cinntitheacha a rinneadh le linn 2018, rinneadh 545 díobh san iomlán maidir le tuairiscí tosaigh (2017: 501), agus rinneadh 156 ceann eile díobh maidir le tuairiscí ina dhiaidh sin (2017: 99).

Tá anailís déanta ar na cinntí a rinneadh maidir le tuairiscí tosaigh agus tuairiscí ina dhiaidh sin faoi seach sna Táblaí 13, 14 & 15 thíos.

Tábla 13 Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le gach tuairisc alt 682 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2018		2017	
	Líon	%	Líon	%
Faoiseamh iomlán ³⁷	602	62	549	63
Gan faoiseamh a dhámhadh ³⁸	70	7	39	5
Faoiseamh páirteach ³⁹	25	3	12	2
Faoiseamh ag an am seo ⁴⁰	270	28	265	30
Iomlán	967	100%	865	100%

Tábla 14 Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2018		2017	
	Líon	%	Líon	%
Faoiseamh iomlán ³⁷	497	74	476	76
Gan faoiseamh a dhámhadh ³⁸	39	6	19	3
Faoiseamh páirteach ³⁹	8	1	6	1
Faoiseamh ag an am seo ⁴⁰	129	19	126	20
Iomlán	673	100%	627	100%

³⁷ Dámhadh faoiseamh iomlán i gcásanna ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(i) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh gach stiúrthóir uile na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

³⁸ Níor dámhadh faoiseamh nuair ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas a le fáil (tuairisc(i) an leachtaitheoir san áireamh), nach bhfuil go leor fianaise gur ghníomhaigh aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.


³⁹ Dámhadh faoiseamh páirteach in imthosca ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(i) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh roinnt stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nach leo ar fad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

⁴⁰ Dámhadh 'Faoiseamh ag an am seo' i gcásanna ina raibh an Oifig sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun a imscrúdú ar chúis le forléasadh na cuideachta a dul chun cinn/críchnú. Ar an dul céanna, ó am go ham, síleann an Oifig go bhfuil gá cinneadh cinntitheach a chur ar athlá mar gheall ar castacht cúrsaí cuideachtaí áirithe agus an riachtanas gaolmhar rannpháirtíocht forlontach leis an leachtaitheoir bainteach. Agus 'Faoiseamh ag an am seo' dámhaithe, tá ceangal ar an leachtaitheoir tuairisc nua a thabhairt isteach.


Tábla 15 Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin alt 682 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2018		2017	
	Líon	%	Líon	%
Faoiseamh iomlán ³⁷	105	35	73	31
Gan faoiseamh a dhámhadh ³⁸	31	11	20	9
Faoiseamh páirteach ³⁹	17	6	6	2
Faoiseamh ag an am seo ⁴⁰	141	48	139	58
Iomlán	294	100%	238	100%


Cairt 1: Srianata agus Dícháilíochtaí 2017/18



Cairt 2: Próifíl bhreithnithe an OSFC agus sonraí staitistiúla gaolmhara 2017/18



Cairt 3: Próifíl bhreithnithe an OSFC agus sonraí staitistiúla gaolmhara 2017/18



Gealltanais maidir le Srianadh agus Dícháiliú

Faoi mar atá sonraithe níos luaithe sa Chaibidil seo, i ndiaidh thosach feidhme an Achta seo an 1 Meitheamh, 2015, thug an Oifig nós imeachta úr isteach lenar féidir cuireadh a thabhairt do na stiúrthóirí sin, maidir lena bhfuil cinneadh déanta ina leith nár cheart faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir ón oibleagáid iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt dá Srianadh, chun Gealltanais um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a chur isteach go deonach. Leagtar amach líon na dtairiscintí um Ghealltanais a eisíodh le linn na bliana atá faoi athbhreithniú sa Tábla thíos, mar aon le sonraí maidir le líon na dtairiscintí um Ghealltanais a glacadh agus a diúltaíodh.

Tábla 16 Tairiscintí gealltanais eisithe, ar glacadh leo agus diúltaithe

	2018		2017	
	Cásanna	Stiúrthóir	Cásanna	Stiúrthóir
Srianta: ⁴¹				
Líon na dtairiscintí a eisíodh	97	172	43	90
Líon na dtairiscintí a glacadh	72	127	42	83
Líon na dtairiscintí nár glacadh	13	22	1	4
Líon na dtairiscintí gan glacadh ag deireadh na bliana:	12	23	2	3
Dícháiliúcháin:				
Líon na dtairiscintí a eisíodh	7	8	3	4
Líon na dtairiscintí a glacadh	3	3	1	1
Líon na dtairiscintí nár glacadh	3	2	1	1
Líon na dtairiscintí gan glacadh ag deireadh na bliana:	1	3	1	2

Toradh iarratais na leachtaitheoirí leis an gCúirt

Faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás nár thug an Oifig faoiseamh agus sa chás nár glacadh cuiridh chun Gealltanais a chur isteach, ceanglaítear ar leachtaitheoirí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun an stiúrthóir (stiúrthóirí) cuideachta ábhartha a shrianadh. I gcásanna áirithe, roghnóidh leachtaitheoirí, mar thoradh ar a n-imscrúduithe féin, féachaint le stiúrthóir a dhícháiliú seachas iad a shrianadh. Tá sonraí leagtha amach sa Tábla thíos ar thoradh iarratais na leachtaitheoirí leis an gCúirt arna seachadadh ag an Ard-Chúirt le linn na bliana.

Ag aon tráth amháin, bíonn imeachtaí srianta nó dícháilithe san Ard-Chúirt roimh líon sách mór stiúrthóirí cuideachta. Bhí na himeachtaí siúd roimh 49 stiúrthóir ar an iomlán an 31 Nollaig 2018 a dhiúltaigh chun Gealltanais a iontráil maidir le cinntí a rinneadh i rith na bliana.

Tábla 17 Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt - 2018

	2018		2017	
	Cásanna	Stiúrthóirí	Cásanna	Stiúrthóirí
Dearbhaithe um shrianadh deonta	14	23	17	31
Orduithe dícháiliú deonta	5	7	6	9
Gan Orduithe nó Dearbhaithe deonta	0	0	7	11
Iomlán	19	30	30	51

⁴¹ Baineann roinnt sriantaí a glacadh sa bhliain 2018 le gnóthais a tairgeadh thiar sa bhliain 2017.

De bhun Gealltanais nó Orduithe Cúirte, rinneadh 150⁴² (2017: 122) stiúrthóir san iomlán a shrianadh agus rinneadh 10⁴³ (2017: 10) stiúrthóir a dhícháiliú. Soláthraítear anailís bhreise ar na hOrduithe a rinne an Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí agus Gealltanais in Aguisíní 4 agus 5.

Firicí agus cúinsí a mheas an Ardchúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh agus a mheas an OSFC agus Gealltanais Dhícháilithe á dtairiscint

Chun críoch léiritheach tá leagtha amach thíos samplaí léiritheacha de na cineálacha saincheistanna a mheas an Ardchúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh nó a thug an OSFC aird orthu agus Gealltanais Dhícháilithe á dtairiscint (agus ar glacadh Gealltanais mar fhreagra orthu). Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aguisín 5. Tháinig na hOrduithe/na Gealltanais mar thoradh ar thuairiscí na leachtaitheoirí a bhaineann le hAlt 682 nó tar éis scrúdú OSFC ar ghníomhaíochtaí stiúrthóirí Cuideachtaí Neamhleachtaithe Scortha, agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise agus soiléiriú a d'iarr an OSFC a sholáthar -

- scrúdaíodh gníomhartha beirt stiúrthóirí Cuideachta Díscailte Neamhleachtaithe (i.e. cuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí i gcomhréir le hAlt 733 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Scrúdaíodh, chomh maith, gach cuideachta eile sin a raibh baint ag stiúrthóirí na cuideachta seo leo agus baineadh go neamhdheonach na 5 cuideachta seo de Chlár na gCuideachtaí, chomh maith, mar gheall gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Dheimhnigh scrúdú a rinneadh ar na tuairisceáin bhliantúla dheireanacha a comhdaíodh maidir leis na cuideachtaí seo gur cuireadh i gcuntas sna Cláir Chomhardaithe gurbh ionann na creidiúnaithe agus €1,277,808.00, ar an iomlán. Níor chuir na stiúrthóirí in aghaidh na bhfigiúirí seo agus ní dheachaigh siad i mbun bearta ar bith chun iad a cheartú. Thoiligh an bheirt stiúrthóirí do Ghealltanais Dícháilithe ar feadh tréimhse 5 bliana.
- rinne ball den phobal gearán leis an OSFC maidir le hiompar beirt stiúrthóirí ar Chuideachta Neamhleachtaithe Dhíscailte. Dheimhnigh scrúdú a rinneadh ar ghníomhaíochtaí na stiúrthóirí seo gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú maidir le 4 cuideachta a raibh siad ina stiúrthóirí orthu. Faoi mar a bhforáiltear dó faoi Alt 957 d'Acht 2014, thit malartú faisnéise amach idir an OSFC agus na Coimisinéirí loncaim nuair a bhí machnamh á dhéanamh ar iarratas a dhéanamh ar Ordú Dícháilithe i gcomhréir le hAlt 842(h) d'Acht 2014. Chuir na Coimisinéirí loncaim an OSFC ar an eolas gur theip ar shuim €358,708 de cháin agus ús a íoc maidir le dhá cheann de na cuideachtaí. Cuireadh i gcuntas sna tuairisceáin bhliantúla dheireanacha a comhdaíodh maidir le gach cuideachta gurbh ionann na creidiúnaithe agus €466,476 ar an iomlán maidir le dhá cheann de na cuideachtaí. Thug cuardach le fios gur cláraíodh 7 mbreithiúnas nach rabhtas sásta leo in aghaidh dhá cheann de na cuideachtaí. Níor chuir na stiúrthóirí in aghaidh fhigiúirí an OSFC agus ní dheachaigh siad i mbun bearta ar bith chun iad a cheartú. Thoiligh an bheirt stiúrthóirí do Ghealltanais Dícháilithe ar feadh tréimhse 4 bliana.
- ghlac stiúrthóir cuideachta bainteach le soláthar réitigh bogearraí spóirt le Gealltanais Dícháilithe. Lean an chuideachta i mbun trádála fad a bhí sí dócmhainneach chun dochair a creidiúnaithe. I gcaitheamh tréimhse trí bliana, tháinig méadú suntasach ar easnamh an chreidiúnaí aníos ó €71,493 in 2012 go €600,048 ar leachtú. Theip ar an gcuideachta taifid chuí chuntasaíochta a choimeád agus tuairisceáin reachtúla a chomhdú. D'úsáid stiúrthóir na cuideachta cistí tríú páirtí ó chuntas ar líne na cuideachta chun íoc as costais laethúla ghnó costais na cuideachta, pá, forchostais oibríochtúla agus oifig a thógáil ónar oibríodh an chuideachta ina measc. Baineadh an leas míchuí as airgead cuideachta arbh ionann é agus thart ar €41.5k go mbainfeadh an stiúrthóir féin úsáid phearsanta as. Theip ar an gcuideachta tuairisceáin CBL a chomhdú, a dliteanais CBL a íoc ar bhealach tráthúil agus, anuas air sin, bhí tearcdhearbhú €68,338 ina dliteanais CBL don bhliain 2014. Deimhníodh nár ghníomhaigh stiúrthóir na cuideachta go hionraic agus go freagrach agus thoiligh sé do Ghealltanais Dícháilithe ar feadh tréimhse 5 bliana.
- rinne cuideachta a bhí bainteach le sainseirbhísí TF agus próiseála sonraí a sholáthar trádáil ar feadh 4 bliana agus d'imigh sé faoi leachtú in Eanáir 2017. Bunaithe ar fhianaise a chuir an leachtaitheoir i láthair, deimhníodh nár ghníomhaigh an bheirt stiúrthóirí cuideachta go hionraic agus go freagrach maidir le tabhairt faoi ghnóthaí na Cuideachta. Níor chomhlíon na stiúrthóirí a n-oibleagáidí i leith na gCoimisinéirí loncaim agus theip orthu dliteanais shuntasacha loncaim thart ar €105,000 a dhíscailleadh. Thug an

⁴² Aguisín 4

⁴³ Aguisín 5

leachtaitheoir le fios go ndearna na stiúrthóirí íocaíochtaí fabhracha leo féin i bhfoirm tuarastail iomarcacha fad a bhí cánacha á gcoimeád siar acu a bhí le hóc leis na Coimisinéirí loncaim. Bhain an bheirt stiúrthóirí suimeanna iomarcacha de chistí na cuideachta chun íoc as costais phearsanta agus cheadaigh siad don chuideachta leanúint ag trádáil nuair ab fhios dóibh go raibh an chuideachta dócmhainneach. Theip ar an mbeirt stiúrthóirí comhoibriú leis an bpróiseas leachtaithe agus ghníomhaigh siad go mí-ionraic agus go mífhreagrach ina ról mar stiúrthóirí. Thoiligh stiúrthóirí amháin do Dhícháiliú agus thoiligh an stiúrthóir eile do Ghealltanais Srianata ar feadh tréimhse cúig bliana.

Fíricí agus cúinsí a bhreithnigh an Ard-Chúirt agus Orduithe Srianata á ndéanamh agus an OSFC i dtaobh Gealltanais Srianata a thairiscint

Leagtar amach thíos samplaí de na saghsanna saincheisteanna a bhreithnigh an Ard-Chúirt nuair a bhí Orduithe Srianata á ndéanamh nó ar thug an OSFC aird orthu i dtaobh Gealltanais Srianata a thairiscint (agus ar glacadh le Gealltanais mar fhreagairt dóibh). Leagtar amach an liosta iomlán ag Aguisín 4 leis an Tuarascáil seo. Bhí na hOrduithe/Gealltanais de bhun thuairiscí alt 682 leachtaitheoirí agus, nuair ba ghá, faisnéis agus soiléiríú breise a sholáthar, faoi mar a lorg an OSFC.

- d'ímigh cuideachta a thrádáil ar feadh trí bliana ó Iúil 2011 go hAibreán 2014 a bhí ag oibriú mar Scoil Oiliúna Béarla faoi leachtú i Meitheamh 2014. Sholáthair an chuideachta cúrsaí gnó agus Béarla, go príomha do mhic léinn ó Iasmuigh den Aontas Eorpach, a bhí sa Stát ar víosaí a eisíodh ar chuspóirí oideachais. Nuair a bhí na hoibríochtaí ba mhó ar bun, bhí beagnach 500 mac léinn ó Iasmuigh den Aontas Eorpach cláraithe ar chúrsaí a bhí le soláthar ag an gCuideachta. Bunaithe ar fhianaise a chuir an leachtaitheoir i láthair, deimhníodh nár ghníomhaigh stiúrthóirí amháin go hionraic agus go freagrach maidir le tabhairt faoi ghnóthaí na cuideachta. Níor chomhlíon an stiúrthóir a hoibleagáidí i leith na gCoimisinéirí loncaim agus bhí €29,000 le hóc aici, theip uirthi tuairisceáin a chomhdú leis an OCC, theip uirthi comhoibriú go hiomlán leis an leachtaitheoir, níor choimeád sí leabhair agus taifid chuí, theip uirthi maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na cuideachta agus cheadaigh sí don chuideachta ioncam a atreorú chuig cuideachtaí eile agus tríú páirtithe, rinne sí íocaíochtaí fabhrach suntasacha léi féin agus lean sí ag glacadh le híocaíochtaí agus í eolach go raibh an Chuideachta dócmhainneach agus nár dhóchúil go gcuirfeadh an chuideachta na cúrsaí ar fáil a rabhthas ag íoc astu. Thoiligh stiúrthóirí amháin do Ghealltanais Dícháilithe ar feadh tréimhse cúig bliana;
- deimhníodh nár ghníomhaigh stiúrthóirí líon cuideachtaí gaolmhara a oibríodh mar bhialann agus gnólachtaí gaolmhara i mBaile Átha Cliath go hionraic agus go freagrach maidir le tabhairt faoi ghnóthaí na gcuideachtaí. Bunaithe ar fhianaise a chuir an leachtaitheoir i láthair, níor chomhlíon na stiúrthóirí a n-oibleagáidí, i measc rudaí eile, i leith na gCoimisinéirí loncaim agus bhí suim chomhach €550,000 le hóc acu, cheadaigh siad dliteanais breis agus €2.9 milliún a chomhdú a bhí le hóc le creidiúnaithe, theip orthu tuairisceáin a chomhdú leis an OCC, theip orthu comhoibriú leis an leachtaitheoir, theip orthu córais airgeadais agus leabhair agus taifid chuí a choimeád, theip orthu sócmhainní, leabhair agus taifid a thabhairt don leachtaitheoir, theip orthu maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta agus cheadaigh sí don Chuideachta ioncam a atreorú chuig cuideachtaí eile agus tríú páirtithe, rinne siad íocaíochtaí fabhrach suntasacha calaoiseacha le creidiúnaithe, cuideachtaí gaolmhara agus iad féin, theip orthu fianaise a sholáthar a bhain le haistrithe sócmhainní laistigh de na cuideachtaí gaolmhara, lean siad orthu ag trádáil fad ab eol dóibh go raibh an Chuideachta dócmhainneach, cheadaigh siad do chuideachta amháin leanúint ag trádáil fad a baineadh de chlár an OCC í agus theip orthu ceadúnais bhailí licéir a shealbhú. Thoiligh gach duine den triúr stiúrthóirí do Ghealltanais Srianata ar feadh tréimhse cúig bliana;
- rinne cuideachta a bhí bainteach le sainseirbhísí sainchomhairleoireachta TF trádáil ar feadh 10 mbliana agus d'ímigh sé faoi leachtú in Eanáir 2017. Bunaithe ar fhianaise a chuir an leachtaitheoir i láthair, deimhníodh nár ghníomhaigh an bheirt stiúrthóirí cuideachta go hionraic agus go freagrach maidir le tabhairt faoi ghnóthaí na Cuideachta. Níor chomhlíon na stiúrthóirí a n-oibleagáidí i leith na gCoimisinéirí loncaim agus theip orthu dliteanais shuntasacha loncaim thart ar €285,000 a dhíscaoileadh. Thug an leachtaitheoir le fios go raibh na stiúrthóirí fabhrach dóibh féin trína ligean don chuideachta cistí iomarcacha a chaitheamh maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus, nuair a bhí amhlaidh á dhéanamh, theip orthu gníomhú go hionraic agus go freagrach. Thoiligh an bheirt stiúrthóirí do Ghealltanais Srianata ar feadh tréimhse cúig bliana;

- thrádáil cuideachta a bhí ag oibriú mar mhiondíoltóir bia agus dí ar feadh 14 bliana agus d'ímigh sé faoi leachtú i bhFeabhra 2017. Bunaithe ar fhianaise a chuir an leachtaitheoir i láthair, deimhníodh nár ghníomhaigh stiúrthóir cuideachta amháin go hionraic agus go freagrach maidir le tabhairt faoi ghnóthaí na Cuideachta agus deimhníodh nach raibh aon bhaint ag an stiúrthóir eile sa ghnó agus baineadh a oibleagáid den leachtaitheoir chun iarratas a dhéanamh ar shrianadh an stiúrthóra seo. Níor chomhlíon an stiúrthóir eile a n-oibleagáidí i leith na gCoimisinéirí loncaim agus theip air dliteanais a dhíscaoileadh leis na Coimisinéirí loncaim. Thug an leachtaitheoir le fios go ndearna an stiúrthóir íocaíochtaí fabhracha ó fháltais cheadúnas licéir leis féin agus go ndearna sé díscaoileadh roghnaitheach íocaíochtaí le roinnt creidiúnaithe neamhurráithe. Thug an stiúrthóir tús áite dá leasanna féin seachas do leasanna na cuideachta nuair a d'aistrigh sé cuid d'fháltais sócmhainne chuige féin. Thoiligh an stiúrthóir do Ghealltanais Srianata ar feadh tréimhse cúig bliana;
- d'ímigh cuideachta a d'oibrigh sa tionscal tarlaithe agus deisiúcháin feithiclí tráchtála faoi leachtú in 2015 i ndiaidh gur thrádáil sé ar feadh cúig bliana. Dheimhnigh an Oifig seo nár ghníomhaigh na stiúrthóirí go hionraic agus go freagrach in ainneoin go ndearna an leachtaitheoir moladh i dtaobh Faoiseamh lomlán. B'ionann an t-easnamh ag tráth an leachtaithe agus €368,278. Theip ar na stiúrthóirí dliteanais na cuideachta a dhíscaoileadh go hiomlán leis na Coimisinéirí loncaim agus b'ionann agus suim €87k iad a bhí le híoc ag tráth an leachtaithe. Deimhníodh gur theip ar na stiúrthóirí na cánacha go léir a dhearbhu agus rinne siad cánacha a thearcdhearbhú go mór; ní dhearnadh an dliteanas cánach ceart a dhearbhu ach mar thoradh ar Mheasúnú a rinne na Coimisinéirí loncaim faoi Alt 23. Thug fianaise le fios, chomh maith, go rabhthas fabhrach i leith creidiúnaithe trádála eile i leith na gCoimisinéirí loncaim. Anuas air sin, sainathnódh gur theip ar mhótarfeithiclí agus innealra agus gléasra a chur i gcuntas i gceart a aistríodh isteach sa Chuideachta nó chun cruthúnas a sholáthar i leith úinéireachta maidir le feithiclí áirithe nuair iarradh. Theip orthu Tuairisceán Bliantúil agus Ráitis Airgeadais reachtúla a ullmhú agus a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Thoiligh an bheirt stiúrthóirí do Ghealltanais Srianata ar feadh tréimhse cúig bliana;
- thrádáil cuideachta ar feadh trí bliana mar gheallghlacadóir i ndiaidh gur ghlac sé seilbh ar roinnt siopaí geallghlacadóireachta a bhíodh á n-oibriú ag an stiúrthóir agus ag gaol leis. Bhí easnamh measta €276k ag an gcuideachta ag dáta an lechtaithe. Deimhníodh nár ghníomhaigh na stiúrthóirí go hionraic agus go freagrach ar an mbunús gur theip orthu tuairisceáin agus íocaíochtaí Dleacht Gheallghlacadóireachta a dhéanamh ar feadh trí bliana agus gur eascair Dleacht Gheallghlacadóireachta €196k as. Bunaithe ar an bhfianaise a chuir an lechtaitheoir i láthair, léiríodh gur úsáid na stiúrthóirí cistí, i gceart a bhí le híoc leis na Coimisinéirí loncaim, lena éascú gnólacht a raibh caillteanas á dhéanamh aige a thrádáil. Tugadh an deis do na stiúrthóirí toiliú go saorálach do Ghealltanais Srianata ach dhiúltaigh siad. Mar thoradh air sin, bhí dualgas ar an lechtaitheoir tús a chur le himeachtaí san Ard-Chúirt, áit ar cuireadh srianadh orthu ar ordú na Cúirte;
- chríochnaigh cuideachta a chuir sainchomhairleoireacht bhogearraí ríomhaire ag thrádáil in 2017 agus, i ndiaidh gur eisíodh litir éilimh dheiridh, rinne na Coimisinéirí loncaim achainí leis an Ard-Chúirt go ndéanfaí an chuideachta a fhoirceannadh. Deimhníodh nár ghníomhaigh na stiúrthóirí go hionraic agus go freagrach ar an mbunús gur theip orthu tuairisceáin chánach a chomhdú ó dháta an chorpraithe agus gur theip orthu dliteanais chánach a íoc faoi mar a bhí siad dlite. Lean an chuideachta ag thrádáil in ainneoin gurbh eol do na stiúrthóirí go raibh an chuideachta dócmhainneach. Theip ar an gcuideachta a hoibleagáidí comhdaithe de chuid an OCC a chomhlíonadh agus theip ar na stiúrthóirí comhoibriú leis an lechtaitheoir nó leabhair agus taifid na cuideachta a thabhairt dó agus theip orthu Ráiteas Gnóthaí a sholáthar. Thoiligh an bheirt stiúrthóirí do Ghealltanais Srianata ar feadh tréimhse cúig bliana.

Rath an Chreata Gealltanais

Soláthraíonn an creat Gealltanais a tugadh isteach i 2015 bealach nuálach, costéifeachtúil agus atá éifeachtúil i dtaobh acmhainní chun déileáil le saincheisteanna a mbeadh ar dhaoine teacht i láthair na Cúirte roinnt mhaith uaireanta agus a mbeadh orthu íoc as costais ghaolmhara. Anuas ar an gcaoi nach mbíonn an oiread céanna struis ar an duine aonair a bhíonn i gceist, bealach níos saoire agus níos tapúla é i gcomparáid leis an gcur chuige atá bunaithe sa Chúirt. Cuireann an clár le rialáil níos fearr a dhéanamh agus le timpeallacht fheabhsaithe don ghnó go ginearálta. Tá dearchtaí feabhsaithe faoin gclár, chomh maith, go hintíre agus go hidirnáisiúnta araon, faoi conas a chuirtear dlí cuideachta na hÉireann i bhfeidhm.

Ó tugadh isteach é, tá gealltanais tugtha ag beagnach 400 duine agus ghlac siad go deonach le Srianadh nó Dícháiliú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, gan gá le himeachtaí os comhair na hArd-Chúirte. Meastar gur sheachaid na nósanna imeachta nua coigilteas de thart ar €4 milliún. Déileáiltear anois le thart ar 80% de na cásanna go léir ina meastar go bhfuil srianadh nó dícháiliú tuillte trí ghealltanais dheonacha.

Cuireadh an clár ar ghearrliosta i nGradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta sa Státseirbhís 2017 - imeacht bliantúil atá dírithe ar shármhaitheas agus nuálaíocht sa Státseirbhís a aithint.



Ball foirne Aonad Dóchmhainneacha OSFC.

Ó chlé go deas: Conor O'Mahony, John Nolan, Kathleen Glackin, Anna O'Byrne, Marie Devaney.

Aschuir na hoibre forfheidhmiúcháin

Tá roinnt cineálacha éagsúla d'obair forfheidhmiúcháin na hOifige ann, lena n-áirítear;

- oibriú le stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile d'fhonn ceartú/feabhsú deonach a fháil déanta ar chásanna um neamhchomhlíonadh;
- cumhachtaí an Stiúrthóra a fheidhmiú chun comhlíonadh a chinntiú agus/nó fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn;
- feidhmiú feidhmeanna an Stiúrthóra comhlíonadh a cheadú/a éascú;
- leigheasanna sibhialta a lorg san Ard-Chúirt mar fhreagra ar léiriú neamhchomhlíonadh;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche;
- sa chás, agus imscrúdú mionsonraithe a bheith déanta agus tugtha chun críche ar bhonn sin go léirítear leis na comharthaí coiriúlachta amhrasta go bhféadfadh gá a bheith le triail ar díotáil, ag atreorú comhad chuig an SIP le breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil gá le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda a chur i leith na gcúrsaí iontu nó nach bhfuil; agus
- comharthaí maidir le sáruithe féideartha ar fhorálacha rialála seachas na cinn a bhaineann leis an dlí cuideachtaí a atreorú chuig rialtóirí ábhartha eile (agus atreorú cúrsaí ábhartha chuig comhlachtaí gairmiúla a chuimsiú chomh maith).

Tá sonraí tugtha maidir leis na príomhaschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na hOifige thíos.

Ceartú/feabhsú deonach a fháil

Sáruithe iasachtaí stiúrthóirí

I 18 cás (2017: 39) sa chás gur tuairiscíodh sáruithe amhrasta iasachtaí stiúrthóirí, nó gur tháinig siad chun feasa ar dhóigh ar bith eile, rinneadh ceartúcháin (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) darbh luach €6.1m (2017: €15.5m). Tá ceartúcháin den sórt sin ar mhaithe le comhaltaí agus creidiúnaithe cuideachtaí lena mbaineann.

Cliseadh na caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh

Le hAlt 291(3) den Acht, ceanglaítear ar chuideachtaí a ráitis airgeadais a ullmhú, *inter alia*, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme. Le hAlt 291(9), foráiltear gur cion de Chatagóir 2 ag an gcuideachta agus ag aon oifigeach ar mainneachtain é cliseadh an ceanglas sin a chomhlíonadh. I dhá chas (2015: 0) inar tuairiscíodh don Oifig gur theip ar chuideachtaí na caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh trí thuairiscí ar chionta indíotáilte, tugadh rabhadh do na cuideachtaí a bhí i gceist. Go sonrach, tugadh an deis do stiúrthóirí na gcuideachtaí atá i gceist aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh bunúsach agus tugadh rabhadh dóibh, gur dóchúil gur gníomh forfheidhmithe a bheadh ann mar fhreagra, dá dtarlódh sé arís.

Daoine ag feidhmiú dóibh mar stiúrthóirí cuideachta gan cead acu sin a dhéanamh

Rinne an Oifig athbhreithniú i rith na bliana ar chlár na ndaoine dícháilithe agus srianta arna chothabháil ag Cláraitheoir na gCuideachtaí. Ag éirí as an athbhreithniú, dealraíodh 67 duine (2017: 53) de bheith ag sárú na n-orduithe agus gealltanais úd. Tugadh staid na ndaoine chun rialtachta tar éis idirghabhála OSFC.

Rinne an Oifig scrúdú ar dhá shaincheist ar leith a chomhlíonadh i rith na bliana faoi athbhreithniú:

- an ceanglas atá ar chuideachta go gcónaíonn stiúrthóir sa Limistéar Eorpach Eacnamaíochta (an LEE) faoi réir go mbíonn banna ar luach €25,000 ag an gcuideachta. I ndiaidh dul i gcomhairle leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, áit a gcomhdaítear na bannaí atá i gceist, scrúdaíodh sampla de na cásanna, agus chomhlíon gach ceann díobh 'athnuachan' Bannaí Cuideachta.
- alt 142 d'Acht na gCuideachtaí 2014 – Teorannú ar roinnt stiúrthóireachtaí. Leagtar amach san Acht teorannú ar dhuine gan breis agus 25 stiúrthóireacht a shealbhú faoi réir roinnt díolúintí. I ndiaidh go bhfuarthas sonraí ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí, tugadh faoi thionscadal inar scrúdaíodh thart ar 20% den chlár iomlán Stiúrthóireachtaí. Agus aird ar na díolúintí a dtugtar cuntas orthu in Alt 142, níor sainaithníodh aon chásanna ina raibh breis agus 25 stiúrthóireacht ag stiúrthóir in aghaidh dlí cuideachtaí.

Líon iomlán na rabhadh a eisíodh

Sa bhreis ar an méid a tháinig roimhe, tugadh rabhaidh do 63 cuideachta (2017: 58) ar an iomlán, maidir le cúrsaí éagsúla.

Comhlíonadh a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú

Úsáideadh raon leathan forálacha reachtacha i rith na bliana faoi athbhreithniú d'fhonn comhlíonadh an dlí cuideachtaí a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe faoi seach a chur chun cinn ar an leith ina thaobh sin, bhí an méid seo a leanas:

- seirbheáil 5 ordú reachtúla chun leabhair nó doiciméid sonraithe a thabhairt faoi alt 778 den Acht (2017: 12);
- seirbheáil 1 ordú reachtúla ag cur iallaigh ar thríú páirtithe chun leabhair agus doiciméid a thabhairt faoi alt 780 den Acht (2017: 7);
- seirbheáil 39 n-iarratas reachtúla d'iniúcháirí ar fhaisnéis faoi alt 393 den Acht (2017:10);
- seirbheáil 45 iarratas reachtúla ar Chuideachtaí chun miontuairiscí chruinnithe na stiúrthóirí a thabhairt faoi alt 166 den Acht (2017: 5);
- seirbheáil 3 iarratas reachtúla chun miontuairiscí cruinnithe ginearálta faoi alt 199 den Acht (2017: 2);
- seirbheáil 16 ordú faoi Alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíocht agus Calaoise) 2001 (2017: 5);
- 48 ordú reachtúla (2017: 45) de bhun alt 797(1) den Acht, faoi nach mór do leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí (tuairiscithe agus iarratas Cúirte) de bhun alt 682;
- 4 ordú faoi alt 797 den Acht i ndáil le Comhlíonadh Ordú Cúirte (2017: 2)
- 2 threoir a eisiúint faoi Alt 335(5) den Acht maidir le leas a bhaint as díolúine iniúcháireachta (2017: 0);
- 1 threoir a eisiúint faoi Alt 791 den Acht maidir le faisnéis a nochtadh ar chuspóirí áirithe; agus
- 1 threoir a eisiúint faoi Alt 792 den Acht maidir le faisnéis a nochtadh le húdarás inniúil.

Comhlíonadh a cheadú/a éascú trí fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú

Le linn na bliana, fuarthas 40 iarratas (2017: 11) ó chuideachtaí a bhí ag lorg treorach lena léirítear gur neamh-infheidhme an srian a fhaightear in Alt 288(9) den Acht, ar alt é lena léirítear nach féidir le cuideachta, de ghnáth, a dáta deireadh bliana reatha nó roimhe a athrú níos mó ná uair amháin i dtréimhse cúig bliana.

Leigheasanna sibhialta arna lorg

Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte

Baintear na mílte cuideachtaí den Chlár in aon bhliain ar leith. Ní bheadh ach cuid de na cuideachtaí sin dócmhainneach (i.e. gan a bheith in ann a bhfiachais a urscaoileadh de réir mar a bhíonn siad dlite), áfach, an dáta a bhaintear den chlár iad. Go tipiciúil, ní thrádálfadh go leor cuideachtaí eile nó d'urscaoilfidís na dliteanais sula mbainfí den chlár iad. Leis an gcúlra sin, go stairiúil lean an Oifig seo beartas d'íarracht a dhéanamh cuideachtaí a aithint i gcás ina bhfuil fianaise ann go raibh fiachais gan íoc ann an dáta a baineadh den chlár iad. I gcás cuideachtaí den chineál sin, go stairiúil ba é beartas na hOifige a bhreithniú dícháiliú stiúrthóirí na gcuideachtaí sin a lorg trí iarratais a chur isteach don Ardchúirt.

Dlíthíocht sibhialta eile

Le linn na bhliana faoi athbhreithniú, bhí baint ag an Oifig in imeachtaí sibhialta ilghnéitheacha freisin, agus tugtar achoimre ar na sonraí ina leith sa Tábla thíos.

Tábla 18 Sonraí faoi imeachtaí sibhialta – 2018

<i>Console Suicide Bereavement Counselling Ltd (faoi Leachtú) – an Ard-Chúirt – 2016 Uimh. 273 COS</i>	D'eisigh an OSFC Fógra Foriarratais inar lorgaíodh Ordú na hArd-Chúirte ar shaoirse chun ábhar leictreonach a cheistiú a fuarthas i rith imscrúdú a bhí ar bun ó Bhealtaine 2016 ar aghaidh. Fuarthas Orduithe na Cúirte i dtosach báire i samhradh 2016. Rinneadh Foriarratas an Stiúrthóra a sheirbheáil ar dhá pháirtí dhéag ar leith. Seirbheáladh an foriarratas ar dhuine aonair amháin a chónaigh taobh amuigh den dlínse trí ríomhphost. I ndiaidh imeachtaí a chur ar athló, lena ligean do roinnt de na Freagróirí ionadaíocht a fháil trí Chúnamh Díl, éisteadh leis an bhForiarratas sin an 27 Iúil 2018. Comhaontaíodh ar liosta cuimsitheach téarmaí cuardaigh ar an dáta sin idir na páirtithe ábhartha agus cuireadh san áireamh iad ansin mar Sceideal le hOrdú na Ard-Chúirte. Fuarthas Orduithe an 19 Meán Fómhair 2018 agus arís an 4 Deireadh Fómhair 2018 ón Ard-Chúirt lena cheadú liosta de théarmaí cuardaigh a d'fhaomh an Chúirt a shíneadh.
<i>Maidir le Independent News and Media plc – An Ard-Chúirt – 2018 Uimh. 300 – IN&M PLC -v- an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Maidir le Independent News and Media plc – An Ard-Chúirt – 2018 Uimh. 124 COS – an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach -v- IN&M PLC</i>	I ndiaidh imscrúdú fadálach agus mionsonraithe a dhéanamh ar na líomhaintí a cuimsíodh i nochtaidh a rinne an tUasal Robert Pitt, Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Independent News & Media plc (INM), faoin Acht um Nochtaidh Cosanta 2014 i Samhain 2016 agus líomhaintí breise a thug an tUasal Pitt chun solais i Lúnasa 2017, rinne an OSFC iarratas ar an Ard-Chúirt go gCeapfaí Cigirí le INM an 23 Márta 2018, de bhun alt 748 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoi imscrúdú an OSFC ar ghnóthaí INM i gcaitheamh tréimhse thart ar 15 mhí. I gcaitheamh an imscrúdaithe, seirbheáladh 33 ceanglas reachtúil chun cáipéisí, mínithe agus cúnamh, faoi seach, a sholáthar, ar an iomlán, ar INM agus ar roinnt páirtithe eile. Bhailigh an OSFC mórmhéid fianaise dhoiciméadach dá bharr, cumarsáid ríomhphoist agus teachtaireacht téacs ina measc. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair a bailíodh i gcaitheamh an imscrúdaithe, shainaithin an OSFC roinnt saincheistanna a bhí ina n-ábhar mór buartha maidir le INM. Cé gur baineadh úsáid mhór as cumhachtaí reachtúla an OSFC, thángthas ar phointe sa mheasúnú a rinne an OSFC inar ghá uirlisí imscrúdaithe ní ba chumhachtaí a chur chun feidhme nach gceadaítear faoin dlí ach do Chigirí na hArd-Chúirte, chun an t-imscrúdú seo a chur chun cinn níos mó. Bíonn cumhachtaí suntasacha reachtúla ag na Cigirí siúd nach mbíonn ar fáil don OSFC, cumhachtaí inordaitheachta agus scrúdaithe ar dhaoine ábhartha faoi mhionn ina measc.

	Thug INM faoi imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt ina dhiaidh sin a lorg chun cinneadh an OSFC a chur ar neamhní a lorg chun Cigirí a cheapadh. I mbreithiúnas a rinneadh an 1 Meitheamh 2018, dhiúltaigh an Breitheamh Onórach Séamus Noonan an argóint sin agus níor cheadaigh sé iarratas INM. Lean an cheist ar aghaidh chun éisteachta in Iúil 2018 agus rinneadh an breithiúnas a fhorchoimeád. I ndiaidh a bhreithiúnais an 4 Meán Fómhair 2018, d'ordaigh Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Onórach Peter Kelly, an 6 Meán Fómhair 2018, de bhun alt 748 d'Acht na gCuideachtaí 2014, Cigirí a cheapadh le INM. Is iad na cigirí an tUasal Seán Gillane, Abhcóide Sinsearach agus tUasal Richard Fleck, CBE. Imscrúdóidh na Cigirí na ceisteanna éagsúla a leagtar amach ina dTearmaí Tagartha faoi mar a leagtar amach in Ordú Uachtarán na hArd-Chúirte. Agus amhlaidh á dhéanamh, beidh na cigirí in ann leas a bhaint as an réimse fairsing cuideachtaí a sholáthraítear dóibh faoi Acht na gCuideachtaí 2014.
<i>DTCC Data Depository (Ireland) Ltd</i> <i>An Ard-Chúirt – 2018 Uimh. 185 COS</i>	De bhun Rialachán Uimh. 2157/2001 Chomhairle CE agus Rialacháin (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá faoi Dhliteanas Teoranta) na gComhphobal Eorpach 2007, rinne cuideachta faoi dhliteanas teoranta chláráithe Éireannach iarratas leis an Ard-Chúirt, i ndiaidh fógra a thabhairt don OSFC, agus é beartaithe acu cuideachta Phoiblí Eorpach faoi Dhliteanas Teoranta a chruthú, ar tugadh <i>Societas Europaea</i> air, i ndiaidh go ndearna sé cumasc le cuideachta chláráithe sa Ríocht Aontaithe. Níorbh ann d'aon chúinsí a thug le fios gur cheart don OSFC cur in aghaidh an chumaisc a bheartaítear agus, dá réir, cuireadh seo in iúl d'aturnaetha an larratasóra agus rinne an Ard-Chúirt an tOrdú cuí ina dhiaidh sin.
<i>Access Plastics Ltd</i> <i>Agus</i> <i>Access Plastics Manufacturing Ltd</i> <i>Agus</i> <i>Maidir le hAlt 847 d'Acht na</i> <i>gCuideachtaí, 2014</i> <i>Agus</i> <i>Maidir le hIarratas John Vero</i> <i>An Ard-Chúirt – 2018 Uimh. 254 COS</i>	Lorg an tIarratasóir, de bhun Alt 847 d'Acht na gCuideachtaí 2014, faoiseamh ó Ordú Dícháilithe a fuarthas in 2017. Bhí an tOrdú sin ar feadh tréimhse 5 bliana i ndiaidh gur phléadáil an duine aonair ábhartha ciontach do chion ar díotail faoi alt 1078(2)(a) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Iarradh ar an Iarratasóir, de bhun alt 847, chun fógra a thabhairt don OSFC ar a iarratas a bheidh ag teacht aníos, i measc rudaí eile. I ndiaidh comhfhreagras forleathan idir an Stiúrthóir agus aturnaetha an Iarratasóra, dheonaigh an Ard-Chúirt Ordú Faoisimh teoranta ar fhorais an-diana - go dtabharfaí díol na gcuideachtaí ábhartha chun críche laistigh de thrí mhí, go gcuirfí teorainn ar fheidhmeanna an Iarratasóra sa dá chuideachta seachas iad siúd a dtugtar cuntas orthu i gcomhfhreagras a aturnaetha a seoladh chuig an OSFC agus an Chúirt, go seolfaí a chonradh fostaíochta beartaithe chuig an OSFC lena fhaomhadh agus go ndéanfaidh an tIarratasóir ranníocaíocht lena gcomhaontaítear i dtreo Chostais an OSFC agus na gCoimisinéirí Ioncaim.

Imeachtaí Coiriúla Achomair

De réir mar a leagadh amach go mionsonrach i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, le blianta beaga anuas rinneadh an Oifig cinneadh beartais d'aon ghnó níos lú acmhainní a úsáid chun coiriúlacht nach bhfuil ró-thromchúiseach a lean agus a hacmhainní a dhíriú ar chomharthaí níos tromchúisí d'éagóir a imscrúdú. Ag teacht leis an athshocrú sin, níor thionscain an Oifig aon ionchúiseamh achomair i rith na bliana.

Imeachtaí coiriúla indíotáilte – cúisimh a stiúradh agus ionchúiseamh ina dhiaidh sin

Ag teacht leis an mbeartas thuasluaite, i rith na bliana bhí an Oifig i dteagmháil ar bhonn suntasach le hOifig an SIP, agus leagtar amach mionsonraí faoin méid sin thíos.

- d'ordaigh an SIP cúisimh faoi Acht na gCuideachtaí 1963, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 de bhun comhad imscrúdaithe a seoladh i rith 2017. Ag dáta na scríbhneoireachta, táthar ag feitheamh le dáta na trialach;
- ag eascirt as comhad imscrúdaithe a seoladh ar aghaidh i rith 2017, agus ar iontráladh pléadail ciontach ina leith, gearradh príosúnacht 18 mí ar dhuine aonair (cuireadh na 6 mhí dheireanacha ar fionraí) i ngeall ar chion Trádála Calaoisí in aghaidh alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963; agus
- rinneadh roinnt imscrúduithe mórsála eile a thabhairt chun cinn ag féachaint le comhaid a chur faoi bhráid an SIP go ndéanfaí breithniú orthu maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart cúisimh a ghearradh ar díotáil.

Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus chuig comhlachtaí rialála eile

Cé go bhfuil sé d'oibleagáid ar an OSFC faisnéis rúnda a choinneáil nuair a bhíonn sé i seilbh aici, tá foráil reachtúil ann⁴⁴ a bhaineann le faisnéis a nochtadh le tríú páirtithe ar leith (lena n-áirítear comhlachtaí rialála eile agus comhlachtaí gairmiúla ar leith) ar an gcoinníoll gur féidir critéir shannta ar leith a shásaimh.

De bhun na forála roimhe seo, rinneadh 1 tarchur (2017: 4) chuig Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (CCA) i rith na bliana. Ag féachaint don sainchúram reachtúil atá aige *vis-à-vis* na CCAnna, cuirtear cóip de tharchur den chineál sin chuig ÚMICÉ i gcónaí.

Áirítear an méid a leanas ar na saincheistanna a tharchuirtear chuig CCAnna de ghnáth:

- cásanna a bhfuil amhras futhú ina n-airbheartaíonn baill iniúchtaí a dhéanamh gan cead acu sin a dhéanamh óna gcomhlachtaí gairmiúla nó i gcás ina bhfuil cosc orthu sin a dhéanamh ar shlí eile de bhua dlí nó oibleagáidí gairmiúla;
- gan cionta indíotáilte a bhfuil amhras futhú a thuairisciú, nó iad a thuairisciú agus moill orthu;
- cúrsaí a bhaineann le cineál tuairimí iniúchta a sholáthraítear i ndáil le cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta;
- cliseadh ceistanna a fhreagairt arna n-ardú ag an Oifig tar éis di tuairiscí ar chionta indíotáilte a fháil.

Sa bhreis ar an méid roimhe seo, tarchuireann an Oifig cásanna chuig comhlachtaí rialála eile de réir mar a mheastar a bhfuil gá leis nó atá iomchuí ar shlí eile.

⁴⁴ Alt 956 d'Acht na gCuideachtaí 2014